

Bileog 6.1

Féach ar na focail thíos a bhaineann le cúrsaí oideachais. Cuir an t-alt roimh gach focal. An bhfuil brí na bhfocal ar eolas agat? An féidir leat cur leo?



Naíonra
Ollscoil

Bunscoil
Coláiste

Meánscoil
Institiúid Teicneolaíochta

Léigh féin agus an duine in aice leat an comhrá seo os ard le chéile. An dtuigeann sibh é?

Máire: Conas atá tú a Liam, is fada an lá ó chonaic mé tú. An bhfuil tú go maith?

Liam: Tá cinnte. Cad é mar atá Séamus agus na páistí? Tá siad mór anois.

Máire: Tá Séamus go hiontach mar is gnách, agus tá

Clíona sa tríú bliain san ollscoil anois.

Liam: Ní chreidim é, agus is dócha go bhfuil Cathal san ollscoil chomh maith?

Máire: Níl, tá Cathal ag freastal ar an meánscoil go fóill. Tá sé ag déanamh na hArdeiste. Agus cad fút féin?

Liam: Ag múineadh mar is gnách, ach, mar a tharlaíonn sé thosaigh mé ar rang oíche sa ríomhaireacht ansin le déanaí.



**Cad iad na horduimhreacha?
Pléigh leis an duine in aice leat.
Cuir na horduimhreacha 1-10
roimh an fhocal 'bliain'.**



Féach anois ar an phictiúr seo. Roghnaigh an scoil nó ollscoil a bhfuil na daoine sa phictiúr inti agus cén bhliain ina bhfuil siad. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad atá na daoine ina p(h)ictiúr féin a dhéanamh.



Féach ar na habairtí seo thíos le cuidiú libh:

Cad é atá ar siúl aige/aici?

Tá sé ag freastal ar . . .

Tá sí sa chéad bhliain . . .

Tá sé ag déanamh rang oíche

Bileog 6.2

Féach ar an léarscáil seo thíos. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobhaigí amach na tíortha agus na teangacha atá ar eolas agaibh. Tá an chéad dá cheann déanta daoibh.



An Iodáil
An Rómáin

An Iodáilis
An Rómáinis

Déan féin agus an duine in aice leat bhur machnamh ar na hábhair choitianta a ndéantar staidéar orthu i meánscoileanna.



An bhfuil na teangacha baininsneach nó firinsneach den chuid is mó? Cad é an tábhacht a bhaineann le hinscne an fhocail? Pléigh.



Cad a tharlaíonn d'ainmfhocal nuair a thagann sé tar éis *ar an*? Cén tionchar atá ag canúintí ar an scéal? Pléigh leis an duine in aice leat.

Déan féin agus an duine in aice leat bhur machnamh ar na hábhair choitianta a ndéantar staidéar orthu i ollscoileanna.

Lig ort féin gur mac léinn ollscoile tú agus breac síos na hábhair a bhfuil tú ag déanamh staidéir orthu. Ansin labhair leis an duine in aice leat agus cuir na ceisteanna thíos air/uirthi. Féachai gí ar an chomhrá samplach le cuidiú libh.

- Cá bhfuil tú ar an ollscoil/ar an choláiste?
- Cad iad na hábhair atá ar siúl agat?
- Cén cúrsa atá á dhéanamh agat?

Comhrá samplach:

- Cén cúrsa atá á dhéanamh agat?
- Tá mé ag déanamh staidéir ar an bhFraincis agus ar an Stair. Agus cad é fút féin?
- Tá mise ag déanamh staidéir ar an nGearmáinis agus ar an mBéarla.

Bileog 6.3 A

Don mhúinteoir!

Seán

Tá Seán ina chónaí i nGaillimh agus tá sé ag freastal ar an choláiste san oíche. Tá sé ag déanamh staidéir ar an Bhéarla. Céim oíche atá ann. Tá sé sa chéad bhliain. Is breá leis an cúrsa agus gach duine atá ag freastal air.

Pól

Tá an mac is sine atá ag Pól sa chéad bhliain sa mheánscoil. Tá an dara mac i rang a 3 sa bhunscoil agus tá a iníon sa naíonra. Beidh sí ag tosú sa bhunscoil an bhliain seo chugainn.

Ciara

Tá Ciara ag freastal ar choláiste teicneolaíochta i mBéal Feirste. Tá sí ag déanamh staidéir ar ríomhaireacht agus ar staidéar gnó. Cúrsa dhá bhliain atá ann. Tá sí sa chéad bhliain. Is breá le Ciara a bheith ina cónaí i mBéal Feirste ach síleann sí go bhfuil an cúrsa leadránach.

Clár

Tá Clár ina cónaí sa bhaile agus tá sí ag freastal ar an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá sí sa chéad bhliain sna hEalaíona. Tá sí ag déanamh staidéir ar an nGaeilge, ar an Stair agus ar an bPolaitíocht. Is maith léi a bheith sa bhaile ach ní maith léi an ollscoil.

Bileog 6.3 B
Don mhúinteoir

<u>Seán 1</u>	<u>Páistí Phóil 1</u>	<u>Ciara 1</u>	<u>Clár 1</u>
<u>Seán 2</u>	<u>Páistí Phóil 2</u>	<u>Ciara 2</u>	<u>Clár 2</u>
<u>Seán 3</u>	<u>Páistí Phóil 3</u>	<u>Ciara 3</u>	<u>Clár 3</u>
<u>Seán 4</u>	<u>Páistí Phóil 4</u>	<u>Ciara 4</u>	<u>Clár 4</u>

Bileog 6.4

Ag obair leis an duine in aice leat, roghnaígí na focail chearta ón mbosca le cur sna bearnaí cuí sa téacs thíos. Beidh sibh ag éisteacht leis an téacs ar téip ar ball.

Rinne mé an _____ sa bhliain nócha is a cúig. Chuaigh mé ansin go hOllscoil na hÉireann, Má Nuad agus bhain mé amach _____ onóracha san Eolaíocht. Chuaigh mé ag taisteal ansin ar fud an domhain ar feadh dhá bhliain. Nuair a tháinig mé ar ais rinne mé _____ i Maigh Nuad. Chaith mé dhá bhliain ag obair mar theagascóir ansin go dtí go bhfuair mé post mar státseirbhíseach i lár na cathrach sé bliana ó shin. Fuair mé _____ sa ghnó anuraidh.



an Teastas Sóisearach	céim	diplóma
Ardteistiméireacht	máistreacht	teastas
iarchéim		

Éistigí leis an téip anois le feiceáil an raibh an ceart agaibh. An féidir libh na focail sa bhosca a chur in abairtí lena mbrí a léiriú?

Cuir an cheist seo ar an duine in aice leat anois – bain úsáid as do shamhlaíocht:
Cad iad na cáilíochtaí atá agat?

An féidir libh smaoineamh ar aon cháilíocht eile nach bhfuil sa bhosca thuas?

Féachaigí beirt ar na haidiachtaí seo thíos agus cuirigí *níos* nó *is* rompu:

suimiúil
éasca

tábhachtach
leadránach

deacair
casta

Cad is féidir libh a rá faoi na rialacha a bhaineann leis na haidiachtaí thuas? Féach ar na haidiachtaí seo anois atá mírialta. Cad é an t-athrú a thagann orthu nuair a thagann siad tar éis *níos* nó *is*?

saor, daor, gairid, fada, deas, olc, maith,
óg, ramhar, álainn, te, sean, mór, beag

Déan cur síos anois don duine in aice leat ar an oideachas a fuair tú féin.
Bain úsáid as oiread de na haidiachtaí thuas agus is féidir agus bain úsáid as do shamhlaíocht!

Bileog 6.5 Duine A

Tá eolas ag an duine in aice leat faoi chúrsa atá ar siúl le Gaelchultúr. Cuir na ceisteanna thíos ar an duine sin agus breac síos an t-eolas ar fad a fhaigheann tú sa bhosca.

- Cén uair a bheidh an cúrsa ag tosú?
- Cén cineál cúrsa é?
- Cén costas atá air?
- Cá fhad a mhairfidh an cúrsa?

Breac síos an t-eolas a fhaigheann tú anseo:

Tá eolas agatsa anois faoi chúrsa eile atá ar siúl le Gaelchultúr agus beidh an duine in aice leat ag cur ceisteanna ortsa faoin gcúrsa sin. Bain úsáid as an eolas sa bhosca leis na freagraí a thabhairt.

Cúrsaí i gCorcaigh, Feabhra - Aibreán, 2008

Leibhéal: **Bunrang 2**
 Grúpa:
 Fad: 8 seachtaine
 Líon áiteanna: 15
 Táille: €80
 Dáta tosaigh: 26 Feabhra 2008

Rang dhá uair an chloig, oíche sa tseachtain thar ocht seachtaine. 16 uair an chloig de ranganna ar fad. Athraíonn ábhar na ranganna ó chúrsa go cúrsa, mar sin is féidir le foghlaimoir freastal ar na trí chúrsa sa tsraith. Ag brath ar éileamh.



Pléigh na rialacha a bhaineann leis an aimsir fháistineach leis an duine in aice leat.



Ag obair leis an duine in aice leat arís scríobh na briathra neamhrialta san aimsir fháistineach.



Bain úsáid as na focail seo thíos le cur síos a dhéanamh don duine in aice leat ar chúrsa gur mhaith leat a dhéanamh amach anseo.

Rang comhrá
Bunrang

Rang oíche
Meánrang

Scrúdú/scrúduithe
Ardrang

Bileog 6.5 Duine B

Tá eolas agatsa anseo thíos faoi chúrsa atá ar siúl le Gaelchultúr. Beidh an duine in aice leat ag cur ceisteanna ort faoin gcúrsa. Bain úsáid as an eolas sa bhosca leis na freagraí a thabhairt.

Damhsa ar an sean-nós

Beidh an cheardlann seo ar siúl Satharn amháin gach mí. Beidh sé oiriúnach do dhaoine nach bhfuil aon eolas acu ar dhamhsa ar an sean-nós, mar aon leo siúd a bhfuil eolas bunúsach acu mar gheall air. Is í Mary Beth Taylor a bheidh i mbun na ceardlainne seo. Moltar dóibh siúd ar mian leo bheith i láthair clárú roimh ré ar líne (brúigh Cláraigh anois thíos), trí ghlaoch ar an uimhir thíos nó ríomhphost a sheoladh chuig an seoladh atá tugtha.

Ionad: Gaelchultúr

Dáta: Dé Sathairn, 24 Samhain 2007

Am: 12.00 – 3.00 p.m. (sos don lón, 1.30 - 2.00 p.m.)

Táille: €25

Eolas agus clárú: (01) 675-3658; eolas@gaelchultur.com

Anois beidh tusa ag cur na gceisteanna thíos ar an duine in aice leat faoi chúrsa eile le Gaelchultúr. Breac síos an t-eolas a fhaigheann tú sa bhosca.

- Cén uair a bheidh an cúrsa ag tosú?
- Cén leibhéal atá ann?
- Cén costas atá air?
- Cá fhad a mhairfidh an cúrsa?

Breac síos an t-eolas a fhaigheann tú anseo:



Pléigh na rialacha a bhaineann leis an aimsir fháistineach leis an duine in aice leat.



Ag obair leis an duine in aice leat arís scríobh na briathra neamhrialta san aimsir fháistineach.



Bain úsáid as na focail seo thíos le cur síos a dhéanamh don duine in aice leat faoi chúrsa ar mhaith leat a dhéanamh amach anseo.

Rang comhrá
Bunrang

Rang oíche
Meánrang

Scrúdú/scrúduithe
Ardrang

Bileog 6.6

Seo thíos eolas faoi chúrsaí le *Oideas Gael* atá bunaithe ar eolas atá le fáil ar www.oideas-gael.com. Roghnaigh cúrsa amháin ar mhaith leat féin a dhéanamh agus ansin labhair leis an duine in aice leat. Cuirigí na ceistanna seo ar a chéile:

- Cén uair / dáta atá an cúrsa ar siúl?
- Cén costas atá air?
- Cén cineál cúrsa é?

Freagraí samplacha:

Ba mhaith liom freastal ar an gcúrsa . . .

Beidh an cúrsa ar siúl ar an gcúigiú lá déag de Lúnasa. . .

Beidh mé ag dul ann an tseachtain seo chugainn . . .

**CÚRSAÍ GAEILGE 2008***

CRUINNEAS SA GHAEILGE €190

28 Meitheamh – 5 Iúil 2 – 9 Lúnasa

Ó BHÉARLA GO GAEILGE €190

Gearrchúrsa Aistriúcháin

Tá an cúrsa seo dírithe ar dhaoine le sárscileanna Gaeilge, atá ag aistriú cheana féin nó ar mian leo tabhairt faoin aistriúchán.

(This course is suitable for highly skilled Irish speakers who are already translating or who want to become translators.)

19 – 26 Iúil

**CÚRSAÍ CULTÚRTHA / Cultural Activity Courses 2008**

SIÚL SLÉIBHE

2008 Dátaí na gCúrsaí —

€170

22 – 29 Márta	2 – 9 Lúnasa
5 – 12 Iúil	9 – 16 Lúnasa
12 – 19 Iúil	16 – 23 Lúnasa
19 – 26 Iúil	

Deireadh seachtaine – 3 lá	2 – 5 Bealtaine (€90)
Cúrsaí Siúl Sléibhe:	12 – 14 Meán Fómhair (€60)



Bileog 6.7

Féach ar na ceisteanna seo thíos:

An dtaitníonn an cúrsa leat?

Cad é do bharúil faoin gcúrsa?

Beidh tú ag labhairt leis an duine in aice leat ar ball faoi na tuairimí atá agaibh faoin gcúrsa Gaeilge seo, a bhfuil sibh ag freastal air anois. Féachaigí ar na focail sna boscaí ar dtús le cabhrú libh.

an t-ábhar
an ghramadach
an t-am
na gníomhaíochtaí
an scríbhneoireacht
an léitheoireacht

suimiúil spésiúil deacair
éasca spreagúil fada
leadránach

Anois beidh tú ag obair i ngrúpa - pléigh na ceisteanna seo:


- An dtaitníonn an cúrsa leat?
- An síleann tú go bhfuil sé deacair?
- Cad é an rud is fearr leat faoin gcúrsa?
- Cad é an rud is measa faoin gcúrsa?

An féidir libh Gaeilge a chur ar an chárta seo?

Éist leis an chomhrá ar an téip agus breac síos na tuairimí atá ag an bheirt chainteoirí faoin gcúrsa Spáinnise atá á dhéanamh acu.

Bríd: _____

Ultan: _____



Scríobh cuntas ar do chuid oideachais féin mar obair bhaile. Bain úsáid an oiread is féidir as na nótaí ar fad ón aonad seo.

Bileog 6.8 Scrúdú Samplach - Bonnleibhéal 2 (A2)

Seo thíos scrúdú samplach do leibhéal A2 atá le fáil ar www.teg.ie. Déan féin na ceisteanna a fhreagairt leat féin ar dtús. Nuair a bheas tú críochnaithe labhair leis an duine in aice leat le feiceáil an raibh na freagraí céanna agaibh. Léigí beirt an sliocht amach os ard ansin – duine amháin ag léamh alt amháin agus an duine eile ag léamh ailt eile.

Léigh an sliocht thíos. Ansin, léigh na ráitis agus cuir tic le A, B nó C i ngach cás.
12 marc

CÚRSA SCRÍBHNEOIREACHTA Le Lorcán Ó Tuathail

Inniu, nuair a théann daoine ar laethanta saoire, ní bhíonn siad ag iarraidh luí ar an trá ar feadh an lae, ná a bheith ag ól agus ag ithe an t-am ar fad. B’fhearr leo dul ag siúl sléibhe, nó scil nua a fhoghlaim, mar shampla teanga nó péintéireacht nó gléas ceoil. Chuaigh mise ar chúrsa scríbhneoireachta le linn shaoire na Cásca. Ba é Muiris Mac Meanmain an múinteoir a bhí againn. Tá clú ar Mhuiris mar scríbhneoir Béarla ach deir sé liom go bhfuil sé ag obair ar a chéad leabhar Gaeilge faoi láthair.

D’iarr sé orainn píosa éigin a bhí scríofa againn a chur sa phost chuige roimh an gcúrsa. Ba chuma leis cad é a bhí ann – scéal nó filíocht nó amhrán – rud ar bith fad is gur scríobhamar féin é. Anois, tá na mílte píosa scríofa agam don nuachtán seo ó thosaigh mé ag obair leis, ach tá difríocht mhór idir sin agus an ‘litríocht’. Níor scríobh mé riamh ach scéal amháin – do m’iníon bheag féin. Bhí orm é a chumadh. Bíonn sí ag iarraidh orm scéal a insint di gach oíche, agus tá gach leabhar sa leabharlann léite aici!

Bhí mé an-neirbhíseach, mar sin, nuair a bhí orm mo scéal a léamh amach. Bhí beirt bhan ann a bhí ag gáire agus ag caint nuair a bhí mé ag léamh! Shíl mé go raibh sin androchmhúinte. Ach, nuair a bhí an scéal thart, dúirt Muiris go raibh sé “ar fheabhas.” Bhain mé an-sásamh as sin, agus, gach lá ó shin, caithim cúpla uair an chloig ag scríobh.

1. Taitníonn cineál nua laethanta saoire le daoine anois.
A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear
2. Is i mBéarla amháin a bhí leabhair Mhuiris go dtí seo.
A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear
3. Ní raibh Muiris ag iarraidh orthu aon phíosa as dráma a chur chuige.
A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear
4. Is iriseoir é Lorcán.
A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear
5. Thaitin scéal Lorcáin go mór lena iníon.
A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear
6. Bhí gach duine sa chúrsa deas cairdiúil.
A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear